2027.M1S1T

2027L007G1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 1

# Sean-Ghréigis

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.
Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

**Roinn A: Príomhthéacs** **100 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

**Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe** **200 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiseanna ar an scrúdpháipéar seo:

infin. = briathar infinideach

ainm. = tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

cusp. = tuiseal cuspóireach

gin. = tuiseal ginideach

tabh. = tuiseal tabharthach.

## Roinn A — Príomhthéacs — 100 marc

Freagair Ceist 1 **agus** Ceist 2.

**Ceist 1** **50 Marc**

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas.
I dTéacs A, labhraíonn Méidé le cór na mban Corantach agus í ag cásaimh a scéil. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítear sa ghluais thíos.

**Téacs A**: *Méidé* le hEoiripidéas.

Μήδεια: ἀλλ᾽ οὐ γὰρ αὑτὸς πρὸς σὲ κἄμ᾽ ἥκει λόγος·
σοὶ μὲν πόλις θ᾽ ἥδ᾽ ἐστὶ καὶ πατρὸς δόμοι
βίου τ᾽ ὄνησις καὶ φίλων συνουσία,
ἐγὼ δ᾽ ἔρημος ἄπολις οὖσ᾽ ὑβρίζομαι
πρὸς ἀνδρός, ἐκ γῆς βαρβάρου **λελῃσμένη**,
οὐ μητέρ᾽, οὐκ ἀδελφόν, οὐχὶ συγγενῆ
**μεθορμίσασθαι** τῆσδ᾽ ἔχουσα συμφορᾶς.

> λελῃσμένη = 'tugtha chun siúil mar dhuais chogaidh'
> μεθορμίσασθαι = 'foscadh a thabhairt dom'

**(a)** Le haghaidh **trí cinn** de na focail Sean-Ghréigise thíos, tabhair an bhrí atá leis i nGaeilge **agus** tabhair focal **amháin** Béarla a thagann ón bhfocal Sean-Ghréigise.

| Focal Sean-Ghréigise i dTéacs A | Brí i nGaeilge | Díorthach i mBéarla |
|---|---|---|
| πόλις, πόλεως, ἡ | | |
| ἀνήρ, ἀνδρός, ὁ | | |
| λόγος, λόγου, ὁ | | |
| γῆ, γῆς, ἡ | | |

**(b)** Tabhair an uimhir uatha sa chéad phearsa den **dá** bhriathar Sean-Ghréigise thíos ó Théacs A.

| **Briathar 1** | ἐστὶ (line 2) | **Briathar 2** | ἔχουσα (line 7) |
|---|---|---|---|
| **Aimsir Láithreach Táscach Gníomhach** | | **Aimsir Láithreach Táscach Gníomhach** | |
| **Aimsir Fháistineach Táscach Gníomhach** | | **Aimsir Fháistineach Táscach Gníomhach** | |
| **Aimsir Neamhfhoirfe Táscach Gníomhach** | | **Aimsir Eigríochta Táscach Gníomhach** | |

**(c)** Roghnaigh **ceithre** fhocal **ar bith** thíos ó Théacs A agus scríobh síos an bhrí atá leo i nGaeilge. Taispeántar sampla.

ἀλλ᾽ βίου δόμοι ἐγὼ ἐστὶ

πατρὸς ἐκ ὑβρίζομαι φίλων

| **Focal Sean-Ghréigise** | **Brí i nGaeilge** |
|---|---|
| ἐστὶ | bheith; Tá mé |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(d)** Bunaithe ar Théacs A, tabhair trí **chúis** a ndeir Méidé go bhfuil sí difriúil leis na mná Corantacha eile.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| Cúis 2: |
| Cúis 3: |

**(e)** Cuir Gaeilge ar na línte a leanas, arb iad na trí líne dheireanacha i dTéacs A iad. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

ἐκ γῆς βαρβάρου **λελῃσμένη**,
οὐ μητέρ᾽, οὐκ ἀδελφόν, οὐχὶ συγγενῆ
**μεθορμίσασθαι** τῆσδ᾽ ἔχουσα συμφορᾶς.

> λελῃσμένη = 'tugtha chun siúil mar dhuais chogaidh'
> μεθορμίσασθαι = 'foscadh a thabhairt dom'

**Ceist 2** **50 marc**

Léigh Téacs B agus freagair na ceisteanna a leanas.
I dTéacs B, pléann Méidé agus Creon deoraíocht Mhéidé.

**Téacs B**: *Méidé* le hEoiripidéas

Μήδεια: μή, πρός σε γονάτων τῆς τε νεογάμου κόρης.
Κρέων: λόγους ἀναλοῖς· οὐ γὰρ ἂν πείσαις ποτέ.
Μήδεια: ἀλλ᾽ ἐξελᾷς με κοὐδὲν αἰδέσῃ λιτάς;
Κρέων: φιλῶ γὰρ οὐ σὲ μᾶλλον ἢ δόμους ἐμούς.
Μήδεια: ὦ πατρίς, ὥς σου κάρτα νῦν μνείαν ἔχω.
Κρέων: πλὴν γὰρ τέκνων ἔμοιγε φίλτατον πολύ.
Μήδεια: φεῦ φεῦ, βροτοῖς ἔρωτες ὡς κακὸν μέγα.
Κρέων: ὅπως ἄν, οἶμαι, καὶ παραστῶσιν τύχαι.
Μήδεια: Ζεῦ, μὴ λάθοι σε τῶνδ᾽ ὃς αἴτιος κακῶν.
Κρέων: ἕρπ᾽, ὦ ματαία, καί μ᾽ ἀπάλλαξον πόνων.

**(a)** Cad atá ar siúl ag Méidé i líne 1 de Théacs B **agus** cén fáth ar nós tábhachtach é seo sa tSean-Ghréig? Tig leat aistriúchán a chur san áireamh chun tacú le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Scríobh nóta faoi charachtar Creon **nó** a iníne (an banphrionsa Glauke). Tig leat samplaí ó Théacs B a chur le do fhreagra chun tacú leis.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Conas a chruthaíonn Méidé trua sa sliocht seo? Mínigh do fhreagra le samplaí ó Théacs B.

**NÓ**

**(ii)** Cén tionchar a bhíonn ag an radharc seo ar na himeachtaí a tharlaíonn ina dhiaidh? Mínigh do fhreagra le tagairt do Théacs B.

**NÓ**

**(iii)** An dóigh leat go dtaitneodh carachtar Mhéidé le sean-Aithneach?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar do staidéar ar an gcomhthéacs liteartha, cultúrtha, **agus/nó** stairiúil de *Méidé* le hEoiripidéas. Tig leat samplaí de Théacs B a úsáid.

| Spás Pleanála Roghnach: |
|---|

Freagra ar Cheist 2 (c), cuid

Spás breise freagartha le haghaidh Roinn A:

## Roinn B — Téacsanna Neamhfheicthe — 200 marc

Freagair Ceist 3, Ceist 4 **agus** Ceist 5.

**Ceist 3** **80 marc**

Freagair (a) **agus** (b).

**(a)** Aistrigh Téacs C go Gaeilge. I dTéacs C, cuireann Iasón agus na hArganátaigh eile chun farraige chun Lomra an Óir a lorg. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs C**: bunaithe ar *Leabharlann* le Apollodorus

ὁ μὲν **Ἰάσων** καὶ οἱ **Ἀργοναῦται** ἔπλευσαν εἰς τὸν **Εὔξεινον**, καὶ **δι᾽ ὀλίγου** πρὸς τὴν **Κολχίδα** ἦλθον. ἐκεῖ ὁ **Αἰήτης** βασιλεὺς ἦν. ὁ δὲ **Ἰάσων** εἶπε τῷ βασιλεῖ· "**ζητῶ** τὸ **πάγχρυσον δέρος** καὶ **δεῖ με** πρὸς τὴν **Ἑλλάδα** αὐτὸ ἄγειν."

ὁ δὲ βασιλεὺς ἐκέλευσε τὸν **Ἰάσονα** ἔργα χαλεπὰ πράσσειν. **δράκων** γάρ τις τὸ **δέρος** ἐφύλασσεν, ἀλλὰ ὁ **Ἰάσων** τὸν **δράκοντα** ἀπέκτεινε καὶ τὸ **δέρος** ἔλαβεν. ἔπειτα δὲ μετὰ τῶν **Ἀργοναυτῶν** πρὸς τὴν **Ἑλλάδα** ἔπλευσεν.

| | |
|---|---|
| Αἰήτης, -ου, ὁ = Aeetes | Ἑλλάς, Ἑλλάδος, ἡ = an Ghréig |
| Ἀργοναῦται, -ῶν, οἱ = na hArganátaigh | Εὔξεινος, -ου, ὁ = an Mhuir Dhubh |
| δεῖ με = 'caithfidh mé | ζητῶ = 'lorgaim' |
| δέρος, δέρους, τό = lomra | Ἰάσων, Ἰάσονος, ὁ = Iasón |
| δι᾽ ὀλίγου = go luat | Κολχίς, Κολχίδος, ἡ = Colcas |
| δράκων, δράκοντος, ὁ = dragan, nathair | πάγχρυσος, -ον = órga, lánórga |

Spás Pleanála Roghnach:

**(b)** Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Cén difríocht nó cén chosúlacht atá idir an chaoi a léirítear Iasón i dTéacs C agus i *Méidé* le hEoiripidéas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. Tig leat tagairt do na híomhánna thíos.

**NÓ**

**(ii)** Cén fáth a raibh an oiread sin tóra ar scéalta faoi laochra mar Iasón sa tSean-Ghréig, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. Tig leat tagairt do na híomhánna thíos **agus/nó** aon téacs a ndearna tú staidéar air, Téacs C san áireamh.



*Íomhá A: Iasón agus Méidé*




*Íomhá B: na hArganátaigh*

Spás Pleanála Roghnach:

Freagra ar Cheist 3 (b), cuid

**Ceist 4** **80 marc**

Léigh Téacs D agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.
I dTéacs D, tá na hAithnigh ar tí a bheith faoi ionradh ag na Peirsigh. Faigheann siad oracal ó Dheilfe a léirmhíníonn Teimisticléas i gceart. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs D**: bunaithe ar *Startha* le Herodotus

οἱ μὲν Ἀθηναῖοι, ἐπεὶ ἤκουσαν ὅτι οἱ Πέρσαι εἰς τὴν **Ἑλλάδα εἰσβάλλουσιν**, ἄνδρας πρὸς τοὺς **Δελφοὺς** ἔπεμψαν. ἐβούλοντο γὰρ μανθάνειν **τί χρὴ** ποιεῖν. ὁ δὲ θεὸς εἶπεν ὅτι **χρὴ** τοὺς Ἀθηναίους πιστεύειν τῷ **ξυλίνῳ** τείχει.

οἱ οὖν ἄνδρες τοῖς Ἀθηναίοις τοὺς τοῦ θεοῦ λόγους ἤγγειλαν. οἱ δὲ Ἀθηναῖοι πολὺν χρόνον ἐθαύμαζον. ὁ δὲ **Θεμιστοκλῆς**, στρατηγὸς ἀγαθὸς ὢν, ἔφη, “αἱ νῆες εἰσὶ τὸ **ξύλινον** τεῖχος. πιστεύετε οὖν ταῖς ναυσίν. τὸ γὰρ ναυτικὸν τὴν πόλιν **σώσει**.”

| | |
|---|---|
| Δελφοί, -ῶν, οἱ = Deilfe | ξύλινος, -η, -ον = adhmaid |
| εἰσβάλλω = déanaim ionradh ar | σώσει = aimsir fháistineach de σῴζω |
| Ἑλλάς, Ἑλλάδος, ἡ = an Ghréig | τί χρὴ = ‘an rud ba chóir dóibh…’(líne 2) |
| Θεμιστοκλῆς, -έους, ὁ = Teimisticléas | χρή = bhí sé riachtanach (+ cusp. agus infin.) |

**(a)** Cad a chuala na hAithnigh faoi na Peirsigh?
οἱ μὲν Ἀθηναῖοι, ἐπεὶ ἤκουσαν ὅτι οἱ Πέρσαι εἰς τὴν **Ἑλλάδα εἰσβάλλουσιν**. (líne 1)

**(b)** Sainaithin tuiseal τὴν **Ἑλλάδα** i líne 1 **agus** mínigh an fáth a n-úsáidtear an tuiseal sin anseo.

**(c)** Cad a bhí ag teastáil ó na hAithnigh?
ἐβούλοντο γὰρ μανθάνειν **τί χρὴ** ποιεῖν. (líne 2)

**(d)** Cén freagra a thug an dia ar na hAithnigh?

ὁ δὲ θεὸς εἶπεν ὅτι **χρὴ** τοὺς Ἀθηναίους πιστεύειν τῷ **ξυλίνῳ** τείχει. (línte 2-3)

| |
|---|
| |
| |

**(e)** Cén fhreagairt a rinne na hAithnigh ar an teachtaireacht ón dia?

οἱ δὲ Ἀθηναῖοι πολὺν χρόνον ἐθαύμαζον. (línte 4-5)

| |
|---|
| |
| |

**(f)** Cén chaoi a gcuirtear síos ar Theimisticléas?

ὁ δὲ **Θεμιστοκλῆς**, στρατηγὸς ἀγαθὸς ὢν. (líne 5)

| |
|---|
| |
| |

**(g)** Aistrigh na habairtí seo ó Théacs D go Gaeilge.

ἔφη, "αἱ νῆες εἰσὶ τὸ **ξύλινον** τεῖχος. πιστεύετε οὖν ταῖς ναυσίν. (línte 5-6)

| |
|---|
| |
| |

**(h)** Sainaithin inscne, uimhir **agus** tuiseal τὸ ναυτικὸν. (líne 6)

| | |
|---|---|
| Inscne: | |
| Uimhir: | Tuiseal: |

**(i)** Sainaithin alt dearfa Sean-Ghréigise **amháin** i dTéacs D. Mínigh an fheidhm a bhíonn ag alt dearfa. Is féidir leat tagairt do Théacs D chun tacú le do fhreagra.

| | |
|---|---|
| Alt dearfa Sean-Ghréigise i dTéacs D: | Líne: |
| Míniú: | |
| | |

**(j)** Cad a insíonn an scéal seo dúinn faoi conas ar féachadh ar oracail sa tSean-Ghréig?

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 5** **40 marc**

Freagair cuid (a), (b) **agus** (c).

**(a)** Tagann na híomhánna seo a thíos ó alt dar teideal: Ceiliúrtar na mná is fearr sa cheol leis an seinnliosta nua Alfa de chuid Apple Music'. Freagair codanna (i), (ii) **agus** (ii) thíos.






**(i)** Mínigh an ceangal idir an focal 'Alfa' sa Ghaeilge agus sa tSean-Ghréigis.

**(ii)** Traslitrigh an focal 'Alfa' sa Ghaeilge go Sean-Ghréigis.

**(iii)** Cén fáth a n-úsáideann cuideachtaí nó brandaí ar nós Apple Music focail ón tSean-Ghréigis ina gcuid táirgí, dar leat? Mínigh do fhreagra.

**(b)** Sna híomhánna a leanas taispeántar t-léine ar a úsáidtear athfhriotal ón tSean-Ghréigis, a dhear Mark Zuckerburg, bunaitheoir Facebook. Freagair codanna (i), (ii), **agus** (iii) thíos.






**(i)** Scríobh an dá fhocal Sean-Ghréigise ón t-léine agus úsáid litreacha Sean-Ghréigise i gcás íochtair.

| | |
|---|---|
| ΠΑΘΕΙ: | ΜΑΘΟΣ: |

**(ii)** Aistrítear an t-athfhriotal ΠΑΘΕΙ ΜΑΘΟΣ mar 'foghlaim ón bhfulaingt'.
Sa bhosca thíos, tarraing líne ón bhfocal Sean-Ghréigise chuig a bhrí i nGaeilge.

| | |
|---|---|
| ΠΑΘΟΣ: | fulaingt |
| ΜΑΘΟΣ: | foghlaim |

**(iii)** Bunaithe ar do staidéar ar thraigéide Ghréagach, cén tátal a bhaineann tú as an athfhriotal seo?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna a leanas.

**(i)** Cad a d'fhoghlaim tú faoin domhan sa lá atá inniu ann tar éis duit an tSean-Ghréigis a fhoghlaim? Mínigh do fhreagra.

**NÓ**

**(ii)** Cén nós, chreidiúint nó luach ón tSean-Ghréig is spéisiúla duit?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

| Spás Pleanála Roghnach: |
|---|
| |

| Freagra ar Cheist 5 (c), cuid |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás Breise Freagartha le haghaidh Roinn B:

Obair Gharbh:

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Admhálacha

**Íomhánna**

Lch. 12: - Íomhá A: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Jason_Golden_Fleece_Altemps_Inv8647.jpg
Íomhá B: https://www.perseus.tufts.edu/hopper/image?img=Perseus:image:1993.01.0509

Lch. 16:
Apple Music - https://music.apple.com/us/playlist/alpha/pl.bcb2f44b6e194cfa8950a796b4e65cd1
Getty Images: Johanna Muliani -
https://www.lifestyleasia.com/hk/culture/apple-music-alpha-international-womens-day-iwd-info/

Lch. 17:

https://boutiquelou.com/product/mark-zuckerberg-wearing-%CF%80a%CE%B8ei-%CE%BCa%CE%B8o%CF%83-shirt/
https://www.nytimes.com/2024/10/04/style/mark-zuckerberg-fashion-shirt.html

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Sean-Ghréigis

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad